Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Aibreán 2022
(OR. fr)

8164/22
PV CONS 24
AGRI 152
PECHE 118

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus Iascach)

7 Aibreán 2022

## CLÁR

**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ........ 3

2. Formheas na míreanna 'A'
Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha ........ 3

TALMHAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8)**
**den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. An pacáiste 'Oiriúnach do 55': gnéithe talmhaíochta den athbhreithniú ar Rialachán LULUCF ........ 4

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Slándáil bia a áirithiú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú' ........ 4

5. Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin ........ 4

**Aon ghnó eile**

6. a) Fliú éanúil ardphataigineach (HPAI): an staid sláinte agus obair na Comhairle ........ 5
   b) Tacaíocht eisceachtúil shealadach faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar fhreagairt ar an ngéarchéim gan fasach agus ar an tionchar atá aici ar chórais táirgthe talmhaíochta agus ar an tslándáil bia ........ 5
   c) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair ........ 5
   Rialachán maidir le tásca geografacha

***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7716/22 agus chinn sí gur cheart mír 6(b) a phlé i seisiún poiblí i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 7720/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 7720/22 lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, is mar a leanas a léitear na doiciméid:

Talmhaíocht

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Conclúidí maidir le timthrialla inbhuanaithe carbóin sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht<br>*Formheas*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 30.3.2022 | | 7728/22<br>**+ COR 1 (fi)**<br>AGRI |

Gnóthaí Institiúideacha

**Ceapacháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 30.3.2022 | | 7322/22<br>**+ COR 1 (sv)**<br>7276/22<br>**+ COR 1 (it)**<br>AGRILEG |

Seasaimh an Aontais sa chaibidlíocht idirnáisiúnta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10. | Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais ag COP 10 i gCoinbhinsiún Rotterdam i ndáil le leasuithe ar Iarscríbhinn III<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 30.3.2022 | C | 7477/22 + ADD 1<br>7010/22<br>**+ COR 1 (et)**<br>ENV |

TALMHAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **An pacáiste 'Oiriúnach do 55': gnéithe talmhaíochta den athbhreithniú ar Rialachán LULUCF** ❶C 7331/22 10857/21 + ADD 1
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an méid a chuireann an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF), ar bhonn an pháipéir cúlra ón Uachtaránacht a leagtar amach in 7331/22.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. **Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Slándáil bia a áirithiú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú'** 2 7426/22 + ADD 1
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil faoina theachtaireacht maidir le sábháilteacht bia agus maidir le barúlacha agus ceisteanna na dtoscaireachtaí.

Thug sí dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Chróit ar fáil maidir leis an ngá práinneach atá le bearta sealadacha breise chun slándáil bia a áirithiú laistigh agus lasmuigh den Aontas.

Fillfidh an Chomhairle ar na saincheisteanna sin ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin[1] 7710/22
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Malartú tuairimí*

[1] Lena n-áirítear malartú le hAire Beartais Talúntais agus Bia na hÚcráine, Mykola Solsky.

**Aon ghnó eile**

6. a) **Fliú éanúil ardphataigineach (HPAI): an staid sláinte agus obair na Comhairle** [2] 7703/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (HPAI), mar a leagtar amach in 7703/22. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún.

b) **Tacaíocht eisceachtúil shealadach faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar fhreagairt ar an ngéarchéim gan fasach agus ar an tionchar atá aici ar chórais táirgthe talmhaíochta agus ar an tslándáil bia** [2] 7708/1/22 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Cróite, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na Gréige, na hIodáile, na Laitvia, Mhálta, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice agus na Spáinne*

Tugadh aghaidh ar mhír 6(b) faoi mhír 4.

c) **Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Rialachán maidir le tásca geografacha** ❶ C 7639/22 + ADD 1-3
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir lena thogra maidir le tásca geografacha mar a foilsíodh faoi thagairt 7639/22. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí. Is í Meitheal na Comhairle um Thásca Geografacha atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an téacs seo.

---

❶ An chéad léamh
C Ar bhonn togra ón gCoimisiún
[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)